



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/359 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Feabhra 2025**

**maidir le hullmhóid *Lactococcus lactis* DSM 34262 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach maidir le hullmhóid *Lactococcus lactis* DSM 34262 a údarú. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú na hullmhóide *Lactococcus lactis* DSM 34262. mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'.
- (4) Sa tuairim uaidh an 26 Meitheamh 2024 <sup>(2)</sup>, tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid go bhfuil *Lactococcus lactis* DSM 34262 agus an breiseán foirmlithe sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, ba cheart a mheas go bhféadfadh sé gur íogróir craicinn agus riospráide é an breiseán agus go bhfuil riosca ag gabháil le haon teagmháil tríd an gcaiceann agus an conair riospráide. Léiríodh go raibh ullmhúchán amháin neamhghreannach don chraiceann nó do na súile. Trí *Lactococcus lactis* DSM 34262 a chur le sadhlais ar íosleibhéal  $1 \times 10^8$  CFU/kg d'ábhar plandaí úr, d'fhéadfaí feabhas a chur ar tháirgeadh sadhlais ó ábhar úr ina bhfuil cion ábhair thirim idir 30 % agus 35 %. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid *Lactococcus lactis* DSM 34262 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

<sup>(2)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA]. 2024;22:e8902.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú**

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

| Uimhir<br>aitheantais<br>an<br>bhreiseáin<br>beathaithe               | Breiseán                            | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach,<br>tuairisc, modh anailíse                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | Speiceas<br>nó<br>catagóir<br>ainmhí | Uasteorainn<br>aoise | Íoschion          | Uaschion | Forálacha eile                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | Deireadh na<br>tréimhse<br>údairithe |
|-----------------------------------------------------------------------|-------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|----------------------|-------------------|----------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|
|                                                                       |                                     |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                                      |                      | CFU/kg d'ábhar úr |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |                                      |
| Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais |                                     |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                                      |                      |                   |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |                                      |
| 1k2084                                                                | <i>Lactococcus lactis</i> DSM 34262 | <b>Comhdhéanamh an bhreiseáin</b><br><br>Ullmhóid <i>Lactococcus lactis</i> DSM 34262 ina bhfuil íoschion $3 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>Foirm sholadach<br><br><br><b>Tréithriú na substainte gníomhaí</b><br><br>Cealla inmharthana <i>Lactococcus lactis</i> DSM 34262<br><br><br><b>Modh anailíse</b> <sup>(1)</sup><br><br>Áireamh <i>Lactococcus lactis</i> DSM 34262 sa bhreiseán beathaithe:<br><br>— Modh an doirte ar phláta ar agar MRS (ISO 15214)<br><br>Sainaithint <i>Lactococcus lactis</i> DSM 34262:<br><br>— Leictreafóiréis                      Ghlóthaí Bhíogréimse (LGBR) - CEN/TS 17697 nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch              | -                    | -                 | -        | <div>1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála.</div> <div>2. Ní úsáidfear an breiseán ach amháin le hábhar plandaí úr a bhfuil sé éasca agus measartha deacair a shadhlasú <sup>(2)</sup>.</div> <div>3. Íosdáileog an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i dteaghlaim le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1x10<sup>8</sup> CFU/kg d'ábhar úr.</div> <div>4. Má úsáidtear é mar chrió-chosantaí, úsáidfear gliocól poileitiléine (PEG 4000) suas le huastiúchan 0,025 mg/kg sadhlais.</div> <div>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla</div> | 16 Márta 2035                        |

| Uimhir<br>aitheantais<br>an<br>bhreiseáin<br>beathaithe               | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach,<br>tuairisc, modh anailíse | Speiceas<br>nó<br>catagóir<br>ainmhí | Uasteorainn<br>aoise | Íoschion          | Uaschion | Forálacha eile                                                                                                                                                                                                                                                                                        | Deireadh na<br>tréimhse<br>údaráithe |
|-----------------------------------------------------------------------|----------|---------------------------------------------------------------|--------------------------------------|----------------------|-------------------|----------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|
|                                                                       |          |                                                               |                                      |                      | CFU/kg d'ábhar úr |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |                                      |
| Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais |          |                                                               |                                      |                      |                   |          |                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |                                      |
|                                                                       |          |                                                               |                                      |                      |                   |          | chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. |                                      |

(<sup>1</sup>) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: [https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports\\_ga](https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga).

(<sup>2</sup>) Foráiste atá éasca a shadhlasú: > 3 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr; foráiste atá measartha deacair a shadhlasú: 1,5-3,0 % carbaihiodráití intuaslagtha san ábhar úr i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/oj>).